V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10562 – CARLYLE / WARBURG PINCUS / DURAVANT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 62/04)

1. An 27 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— The Carlyle Group ("Carlyle", na Stáit Aontaithe),

— Warburg Pincus LLC ("Warburg Pincus", na Stáit Aontaithe),

— Duravant LLC ("Duravant", na Stáit Aontaithe), cuideachta atá á rialú ag Warburg Pincus.

Gheobhaidh Carlyle agus Warburg Pincus rialú comhpháirteach ar Duravant de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scairchaipitil ó Warburg Pincus, trí Chomhaontú Ceannaigh Aonaid.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— le haghaidh Carlyle: mar bhainisteoir malartach sócmhainní a bhainistíonn cistí lena ndéantar infheistíocht go domhanda sna trí smacht infheistíochta seo a leanas: (i) Cothromas Príobháideach Domhanda (lena n-áirítear cothromas príobháideach corparáideach, réadmhaoin agus cistí acmhainní nádúrtha); (ii) Creidmheas Domhanda (lena n-áirítear creidmheas leachtach, creidmheas neamhleachtach agus creidmheas sócmhainní réadacha); agus (iii) Réitigh Infheistíochta (clár ciste cistí cothromais phríobháidigh, lena n-áirítear ciste príomha, gníomhaíochtaí comh-infheistíochta tánaisteacha agus gaolmhara).

— le haghaidh Warburg Pincus: mar ghnólacht dhomhanda cothromais phríobháidigh atá gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí tomhaltóirí, seirbhísí tionsclaíocha agus seirbhísí gnó.

— le haghaidh Duravant: trealamh próiseála agus lóistíochta a mhonarú agus a sholáthar do chuideachtaí atá gníomhach san earnáil bia agus deochanna, agus sna hearnálacha r-thráchtála agus dáilte, agus tairiscintí margaidh iardhíola gaolmhara (lena n-áirítear comhpháirteanna, suiteáil agus cothabháil).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10562 – CARLYLE / WARBURG PINCUS / DURAVANT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.